

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 14: *The Piping Faun*




The Piping Faun, c.1816 teilgean plástair de bhunsaothar marmair atá le fáil sa Louvre, Páras

Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Is teilgean (nó cóip) é an dealbh seo de dhealbh marmair atá le fáil sa Louvre, músaem mór i bPáras, an Fhrainc. Tá an chuma ar an bhfánas go bhfuil sé ar a shuaimhneas, tá clóca ar a ghuaillí agus tá sé ag seinm píopa nó feadóg mhór. Tá an dealbh seo le feiceáil i nGailearaí na nDealbh i nGailearaí Ealaíne Crawford – sin an seomra leis na ballaí gorma agus na dealbha bána ar fad. Tá roinnt dealbh fánais i mbailiúchán Crawford – ach céard é fánas?

Céard é fánas?

Is leathfhear, leathghabhar é fánas, agus is iomaí tagairt atá déantar dó i seanscéalta miotaseolaíochta na Gréige agus na Róimhe. Go minic, léirítear fánais mar neacha amaideacha ach síochánta, agus uaireanta bíonn siad le feiceáil ag seinm píopa san fhoraois. Níl cosa gabhair ag an bhfánas seo ach is léir gur fánas atá ann mar gheall ar a chluasa móra bioracha.



Samhlaigh

Dá mba leathdhuine, leathainmhí thú...cén ainmhí a roghnófá?

Cén t-ainm a bheadh ort?

An mbeadh cónaí ort ar talamh nó san uisce nó sa spéir?

Conas a bhogfá ó áit go háit? An mbeadh tú ag eitilt nó ag sleamhnú nó ag snámh?

Cén cineál torainn a dhéanfá?

Céard a bheadh agat don bhricfeasta?

Céard a dhéanfá mar phíosra spraoi?

An rachfá ar scoil nó an mbeadh post agat?

Cén cineál neach a mbeadh tú cairdiúil leo?

Cén cineál cluichí a d'imreofá le do chairde?

Scríobhfaimis dán!

Téann Seán an Fhánais ar eachtra! Trí úsáid a bhaint as na focail thíos scríobh dán nó scéal faoi Sheán an Fhánais...

Faiche

Maidin

Rith

Meánfach

Imithe

Haigh Mr. Tumnus!

Seans gurb é an fána is cáiliúla ar domhan Mr. Tumnus ó shraith scéalta *The Chronicles of Narnia* C.S. Lewis. Is fána é Mr. Tumnus a bhfuil cónaí air in Narnia. Tá sé de nós aige scairf dhearg a chaitheamh, agus beartáin agus scáth báistí a iompar. Buaileann cailín beag darb ainm Lucy le Mr. Tumnus nuair a shroicheann sí tír shneachtúil Narnia ar chúl an vardrúis. Ansin tugann Mr. Tumnus cuireadh chun tae di....

Sin tús eachtraí Lucy in Narnia i dteannta lena deartháireacha agus deirfiúr. Is féidir leat an scéal a leanúint tríd an tsraith leabhar a léamh nó breathnú ar na scannáin atá déanta bunaithe ar na leabhair.



Dealbha Ceolmhara

Is breá le fánais a bheith ag damhsa agus ag seinm an pháipa. B'fhéidir go bhfuil an dealbh den fhánas píobaireachta ag damhsa sa ghailearaí nuair nach bhfuil aon duine ag faire! D'fhéadfaimis ligean orainn féin gur dealbha damhsa muide freisin...

Seo a leanas an tslí chun dealbha ceolmhara a imirt sa bhaile:

Seinneann duine amháin ceol ar theileafón nó seinnteoir CD fad is atá gach duine eile ag damhsa mórthimpeall an tseomra. Nuair a stopann siad, ní mór do gach duine seasamh cosúil le dealbh agus gan corraí. Siúlann an duine a stop an ceol mórthimpeall an tseomra agus féachann sé nó sí ar gach duine chun a chinntiú nach bhfuil aon duine ag corraí. Má bhogann aon duine, ní féidir leis nó léi páirt a ghlacadh sa chluiche níos mó. Lean ar aghaidh leis an gceol a sheinm agus a stopadh go dtí nach mbíonn ach duine amháin fágtha - an buaiteoir!

Seo Linn ag Foghlaim

B'fhéidir gur mhaith leat níos mó taighde a dhéanamh ar neacha miotasacha agus níos mó scéalta a aimsiú? An bhfuil aon neach, leathdhuine agus leathainmhí, luaite i scéalta miotaseolaíochta na hÉireann? Conas a bhféadfá eolas a bhailiú faoi na scéalta seo? B'fhéidir go bhféadfá leabhar a léamh, cuardach Google a dhéanamh nó labhairt le do sheantuismitheoirí nó le comharsa níos sine ná tú féin.

Bí réidh chun neart a fhoghlaim! B'fhéidir gur mhaith leat cúpla rud a scríobh faoi na neacha nó pictiúr a tharraingt díobh?

Bímis ag Tarraingt: Cluiche Tarraingthe na nIarmhairtí

An féidir leat roinnt neach leathdhuine, leathainmhí iontach a dhéanamh trí bheith ag obair le do theaghlach nó cairde?

Ar dtús, fill píosa páipéir i gceithre chuid.


Tosaigh trí chloigeann a tharraingt ag an mbarr agus fill an páipéar chun do phictiúr a cheilt, ach marcáil línte chun deireadh do phictiúir a léiriú, mar atá déanta thíos.


Tabhair an píosa páipéir do dhuine éigin eile ionas gur féidir leis nó léi an chéad chuid eile de chorp an neach a tharraingt, gan breathnú ar an gcuid den phictiúr a rinneadh roimhe sin.

Tabhair deis do dhaoine éagsúla codanna den chorp a tharraingt go dtí go mbíonn an corp ar fad tarraingthe, ansin oscail an píosa páipéir agus féach ar an neach craiceáilte atá cruthaithe agat!

Ar deireadh, d'fhéadfá cúlra a tharraingt taobh thiar den neach chun eolas a thabhairt maidir leis an áit a bhfuil an neach agus maidir leis an méid atá á dhéanamh aige.


Bain taitneamh as!







Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**.



Freagraí chuardach focal feithidí (Seachtain 13):

Ar éirigh leat iad ar fad a oibriú amach?

ebach = **beach**

edilies = **seilide**

ifoche = **foiche**

éóíndb = **bóin dé**

llaanmaádh = **damhán alla**

nácéliefá = **féileacán**

hmanéal = **leamhan**

bblo = **bolb**

iógrca = **ciaróg**

náгнаes = **seangán**